**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/69 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9 Eanáir 2023**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a mhéid a bhaineann le caighdeán comhchuibhithe do rothair leictreachuidithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2006/42/CE, innealra a monaraíodh i gcomhréir le caighdeán comhchuibhithe, agus ar foilsíodh an tagairt dó in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go gcomhlíonann sé na buncheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a chumhdaítear le caighdeán comhchuibhithe den sórt sin.

(2) Trí litir M/396 an 19 Nollaig 2006, rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) agus ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil (Cenelec) ('iarraidh M/396') go ndéanfaí caighdeáin chomhchuibhithe chun tacú le Treoir 2006/42/CE a dhréachtú agus a athbhreithniú, agus go dtabharfaí an obair ar na caighdeáin sin i gcrích, ionas go gcuirfí athruithe san áireamh a tugadh isteach leis an Treoir sin i gcomparáid le Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]).

(3) Ar bhonn iarraidh M/396, dhréachtaigh CEN agus Cenelec caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 maidir le rothair leictreachuidithe. Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún ([3]), foilsíodh tagairt don chaighdeán sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(4) An 23 Lúnasa 2019, chuir an Ísiltír agóid fhoirmiúil i láthair i gcomhréir le hAirteagal 10 de Threoir 2006/42/CE i gcoinne chaighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017, agus d'áitigh sí nach gcomhlíonann sé na buncheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.5.5, 1.5.6 agus 1.5.7 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE arb é is aidhm don chaighdeán iad a chumhdach. D'áitigh an Ísiltír nach gcuireann caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 eolas ar fáil ach amháin i bpointí 4.2.3.1 agus 4.2.3.2 maidir le hinfhaighteacht chaighdeáin Eorpacha EN 62133 agus EN 50604-1 chun ceallraí a thástáil, ach go dteipeann air aghaidh a thabhairt go cuimsitheach ar chomhtháthú sábháilte ceallraí i bpacaí ceallraí agus ar phacaí ceallraí a ionchorprú i ngléas deiridh. D'áitigh an Ísiltír nach leor sin chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil sábháilteachta fhoriomlána an ghléis dheiridh, is é sin rothair leictreachuidithe, mar a léirítear sna heachtraí a tharlaíonn arís agus arís eile maidir leis na feithiclí sin atá feistithe le cealla ian litiam agus/nó pacaí ceallraí.

(5) Pléadh an agóid fhoirmiúil sa Choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Threoir 2006/42/CE, ag na cruinnithe an 2 agus an 3 Nollaig 2019 agus an 19 agus an 20 Feabhra 2020.

(6) Sna cruinnithe sin, rinne an Ghearmáin agóid bhreise tríd an tuairim a chur in iúl nach gcomhlíonann caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 ach oiread pointe 1.5.9 agus pointe 3.6.3.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE maidir leis na creathanna a sheoltar chuig an rothaí. De réir chaighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 níl na pointí sin infheidhme maidir le rothair leictreachuidithe. Mar sin féin, dar leis an nGearmáin, d'fhéadfadh creathanna den sórt sin tarlú agus na rothair sin á n-úsáid ar thalamh míchothrom.

([1]) IO L 157, 9.6.2006, lch. 24.

([2]) Treoir 98/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meitheamh 1998 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le hinnealra (IO L 207, 23.7.1998, lch. 1).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 ón gCoimisiún an 18 Márta 2019 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le hinnealra arna ndréachtú chun tacú le Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 75, 19.3.2019, lch. 108).

(7) Pléadh na hagóidí foirmiúla a rinne an Ísiltír agus an Ghearmáin sa Choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) an 2 Iúil 2021.

(8) Tar éis scrúdú a dhéanamh ar chaighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 in éineacht le hionadaithe an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Threoir 2006/42/CE agus ionadaithe an choiste a bunaíodh le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach gcomhlíonann an caighdeán na buncheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.5.5, 1.5.6, 1.5.7, 1.5.9 agus 3.6.3.1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 a choinneáil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srian.

(10) Áirítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017 in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436. In Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin, liostaítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2006/42/CE, tagairtí a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* le srianta. Dá bhrí sin, ba cheart an tagairt do chaighdeán EN 15194:2017 a scriosadh ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 agus ba cheart í a áireamh le srian in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 a leasú dá réir.

(12) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Eanáir 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoracha 89/686/CEE agus 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/436 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, scriostar ró 16;

(2) cuirtear an ró seo a leanas le hIarscríbhinn II:

| Uimh. | An tagairt don chaighdeán | Cineál |
|---|---|---|
| “4. | EN 15194:2017<br><br>Rothair — Rothair leictreachuidithe — Rothair EPAC<br><br>**Fógra 1**: Caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.5.5, 1.5.6 agus 1.5.7 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear innealra a dhearadh agus a thógáil chun na rioscaí a bhaineann le teochtaí foircneacha, dóiteán agus pléascadh a chur san áireamh.<br><br>**Fógra 2**: Caighdeán comhchuibhithe EN 15194:2017, ní fhágann sé go nglactar leis go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais riachtanacha sláinte agus sábháilteachta a leagtar amach i bpointí 1.5.9 agus 3.6.3.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2006/42/CE, lena gceanglaítear innealra a dhearadh agus a thógáil chun na rioscaí a thagann as creathanna a chur san áireamh, agus lena gceanglaítear go gcuirfear tomhas na gcreathanna a sheoltar ón innealra chuig an oibreoir ar fáil in éineacht leis an innealra. | C” |